CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

GA

# Preasráiteas

**Lucsamburg, 14 Samhain 2022**

# Éilíonn iniúchóirí go ndéanfar feabhsuithe maidir le tosaíochtaí beartais uileghabhálacha a dhaingniú i mbuiséad an Aontais

**Tá difríochtaí móra ann sa mhéid atá tosaíochtaí beartais uileghabhálacha (amhail an t-athrú aeráide, bithéagsúlacht a chaomhnú, comhionannas inscne, forbairt inbhuanaithe, agus an t-aistriú digiteach) tugtha isteach ag an gCoimisiún Eorpach ar fud chláir chaiteachais an Aontais, de réir tuarascála nua ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE). Is í an tosaíocht a bhfuil an mhéid is lú príomhshruthaithe déanta uirthi i mbuiséad an Aontais ná inscne, dar le conclúid na n-iniúchóirí. Ina theannta sin, tá difríochtaí suntasacha ann maidir leis an gcaoi a ndéanann an Coimisiún tomhas ar ranníocaíocht bhuiséad an Aontais leis na cúig phríomhbheartas thrasearnálacha, chomh maith leis an gcaoi a ndéanann sé tuairisciú ar na beartais sin a bhaint amach.**

"*Agus costas agus indéantacht a chur chuige á gcur san áireamh aige, ba cheart don Choimisiún tosaíochtaí beartais uileghabhálacha an Aontais a thabhairt isteach ina chreat feidhmíochta ar bhealach níos fearr, go háirithe i gcás an chomhionannais inscne, an aistrithe dhigitigh agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe,*" a dúirt François-Roger Cazala, Comhalta den Chúirt atá freagrach as an tuarascáil. "*Ba cheart dó tuairisciú ar thosaíochtaí beartais trasearnálacha a fheabhsú freisin chun an chaoi a mbaineann sé lántairbhe as gach euro atá caite a léiriú, chomh maith le haird níos fearr a tharraingt ar chaiteachas a rannchuidíonn le roinnt tosaíochtaí beartais cothrománacha ag an am céanna.*"

Thuairiscigh an Coimisiún gur thug sé tosaíochtaí beartais uileghabhálacha an Aontais isteach go hiomlán i gcláir bhuiséad an Aontais, ach fuair na hiniúchóirí difríochtaí suntasacha idir an aeráid agus bithéagsúlacht i gcomparáid le hinscne. Cé gur tugadh cúig thosaíocht chothrománacha isteach i gclár chaiteachas an Aontais (amhail cláir a bhaineann le taighde, talmhaíocht agus forbairt réigiúnach) ar leibhéil éagsúla, fuair na hiniúchóirí go raibh conclúidí ródhearfacha déanta ag an gCoimisiún ar an dul chun cinn a rinneadh i dtreo spriocanna príomhshruthaithe a bhaint amach. Tugadh tosaíochtaí aeráide agus bithéagsúlachta isteach go leormhaith den chuid is mó; agus tugadh Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe agus an t-aistriú

***Is é is cuspóir don phreasráiteas seo ná príomhtheachtaireachtaí na tuarascála ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le feidhmiú bhuiséad an Aontais a chur in iúl. Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ag eca.europa.eu.***


**ECA Press**

**12, rue Alcide De Gasperi - L-1615 Luxembourg**

**E: press@eca.europa.eu @EUAuditors eca.europa.eu**

digiteach isteach go páirteach. Ar an taobh eile den scéal, tugadh inscne isteach ar leibhéal i bhfad níos lú ná sin.

I gcás na haeráide agus na bithéagsúlachta, tá modhanna forbartha ag an gCoimisiún chun caiteachas a rianú ar fud iliomad clár d'fhonn an méid a chaitheann sé ar na réimsí sin a shainaithint agus a thuairisciú. Tá creat curtha i bhfeidhm aige chun ranníocaíocht ó bhuiséad an Aontais a thomhas freisin. Mar sin féin, níl a thuairisciú cruinn. Sin mar gheall gur úsáid sé neasmheastacháin, agus mar gheall ar laigí – ar chuir na hiniúchóirí béim orthu – i ndáil le rómheastacháin chaiteachais. Tuairiscíonn an Coimisiún faisnéis theoranta ar ranníocaíocht chláir an Aontais leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus leis an aistriú digiteach; agus cé gur tháinig feabhas ar na socruithe chun a ranníocaíocht le comhionannas inscne a thomhas, tá siad fós teoranta.

Déanann an Coimisiún rianú ar chaiteachas a bhaineann leis an aeráid agus le bithéagsúlacht, agus tá sé ag cur tús le déanamh amhlaidh d'inscne. Mar sin féin, is beag faisnéis atá curtha ar fáil faoi ann. Ní dhéanann sé tomhas ach oiread ar fhorthorthaí chaiteachas an Aontais i dtéarmaí a thionchair iarbhír ar thosaíochtaí cothrománacha; cé go bhfuil obair á déanamh aige ar thionscadal píolótach lena mbaineann chun na forthorthaí sin a thomhas.

**Faisnéis chúlra**

Saothraíonn an Coimisiún tosaíochtaí beartais cothrománacha ar fud cláir chaiteachais. Tá sé mar aidhm aige iad a thabhairt isteach de réir a chéile i ndearadh agus i gcaiteachas bhuiséad an Aontais, d'fhonn a áirithiú go dtugann cláir chaiteachais aghaidh orthu i dteannta a gcuspóirí cláir féin. Tá sé tábhachtach beartais thrasearnálacha a dhéanamh mar dhlúthchuid den chaoi ina ndéantar cláir chaiteachais an Aontais a dhearadh, a chur i gcrích agus a mheasúnú chun lán-trédhearcacht a bheith ann maidir leis an gcaoi a leithdháiltear cistí a bhaineann le tosaíochtaí éagsúla agus chun forléargas leathan ar fheidhmíocht bhuiséad an Aontais a chur ar fáil.

Is é seo an chéad uair a rinne na hiniúchóirí tuairisc ar thosaíochtaí beartais cothrománacha an Aontais ina n-iomláine. Rinne siad cigireacht ar rogha de 11 chlár a chlúdaíonn 90 % d'íocaíochtaí a rinneadh go dtí deireadh 2021 faoi cheithre theideal dá bhuiséad ilbhliantúil. Tá na cúig thosaíocht ábhartha do chaiteachas ilbhliantúil reatha an Aontais go dtí 2027.

Tá an tuarascáil bhliantúil iomlán ón gCúirt maidir le feidhmíocht bhuiséad an Aontais – staid ag deireadh 2021, ar fáil ar shuíomh idirlín na Cúirte. Féach freisin tuarascálacha roimhe seo ón gCúirt maidir le tuairisciú aeráide, príomhshruthú inscne agus tuairisciú inbhuanaitheachta.

**Teagmháil don phreas**
Preasoifig CIE: press@eca.europa.eupress@eca.europa.eu
Damijan Fišer: damijan.fiser@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 621 552 224
Vincent Bourgeais: vincent.bourgeais@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 691 551 502
Claudia Spiti: claudia.spiti@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 691 553 547